| Uimh. E.S. | Sean-Uimh. Bhosca | Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí | Ainm fo-eiliminte sonraí/fo-aicme sonraí | Ainm fo-eiliminte sonraí | Dearbhú | | | | Bunuimhreacht | | | | Formáid | Cóid i dTeideal III |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | D1 | D2 | D3 | D4 | D | MC | HC | HI | | |
| | | | | | MC<br>HC | MC<br>HC | MC<br>HC | | | | | | | |
| 19 07 000 000 | Nua | Trealamh iompair | | | A<br>MC | A<br>MC | A<br>MC | | | 9,999x | | | | N |
| 19 07 044 000 | | | Tagairt earraí | | A<br>MC | A<br>MC | A<br>MC | | | 9,999x | | | n..5 | N |
| 19 07 063 000 | 31 | | Uimhir aitheantais coimeádáin | | A<br>MC | A<br>MC | A<br>MC | | | 1x | | | an..17 | N |
| 19 08 000 000 | Nua | Cóir iompair ghníomhach imeallchríche | | | A<br>[34]<br>[35]<br>[36]<br>[61]<br>[70]<br>[71]<br>MC | A<br>[34]<br>[35]<br>[36]<br>[61]<br>[70]<br>[71]<br>MC | | A<br>[34]<br>[35]<br>[36]<br>[70]<br>[71]<br>MC | | 9x | | | | N |
| 19 08 000 047 | | | Uimhir thagartha na hoifige custaim ag an teorainn | | A<br>MC | A<br>MC | | A<br>MC | | 1x | | | au8 | Y |
| 19 08 017 000 | 21(1) | | Uimhir aitheantais | | A<br>MC | A<br>MC | | A<br>MC | | 1x | | | an..35 | N |
| 19 08 061 000 | | | An cineál aitheantais | | A<br>MC | A<br>MC | | A<br>MC | | 1x | | | u2 | Y |
| 19 08 062 000 | 21(2) | | Náisiúntacht | | A<br>MC | A<br>MC | | A<br>MC | | 1x | | | a2 | Y |
| 19 02 000 000 | | | Uimhir thagartha an ghléis iompair | | B<br>MC | B<br>MC | | B<br>MC | | 1x | | | an..17 | N |
| 19 10 000 000 | D | Séala | | | A | A | A<br>[65] | | | 99x | | | | N |

| Uimh. E.S. | Sean-Uimh. Bhosca | Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí | Ainm fo-eiliminte sonraí/fo-aicme sonraí | Ainm fo-eiliminte sonraí | Dearbhú | | | | Bunuimhreacht | | | | Formáid | Cóid i dTeideal III |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | D1 | D2 | D3 | D4 | D | MC | HC | HI | | |
| | | | | | MC | MC | MC | | | | | | | |
| 19 10 068 000 | | | An líon séalaí custaim | | A | A | A | | | 1x *) | | | u..4 | N |
| | | | | | MC | MC | MC | | | | | | | |
| 19 10 015 000 | | | Aitheantóir | | A | A | A | | | 1x | | | an..20 | N |
| | | | | | MC | MC | MC | | | | | | | |
| Grúpa 99 – Eilimintí sonraí eile (sonraí staidrimh, ráthaíochtaí, sonraí a bhaineann le taraifí) | | | | | | | | | | | | | | |
| 99 02 000 000 | 52 | Cineál ráthaíochta | | | A | A | | | 9x | | | | au1 | Y |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 000 000 | 52 | Tagairt ráthaíochta | | | A | A | | | 99x | | | | | N |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 069 000 | | | Uimhir thagartha na ráthaíochta (GRN) | | A | A | | | 1x | | | | an..24 | N |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 070 000 | | | Cód rochtana | | A | A | | | 1x | | | | an..4 | N |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 012 000 | | | Airgeadra | | A | A | | | 1x | | | | a3 | Y |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 071 000 | | | Méid le cumhdach | | A | A | | | 1x | | | | u..16,2 | N |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |
| 99 03 073 000 | | Tagairt ráthaíochta eile | | | A | A | | | 9x | | | | an..35 | N |
| | | | | | D | D | | | | | | | | |

*) Ní mór an bhunuimhreacht le haghaidh an lín séalaí custaim a thuiscint i ndáil leis an trealamh iompair, i.e. 1x in aghaidh an choimeádáin.

CAIBIDIL II

**Nótaí**

| Uimhir an nóta | Tuairisc ar an nóta |
|---|---|
| [6] | I gcás ina soláthraítear uimhir EORI nó tír chomhchoiteann idirthurais nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an oifig custaim imeachta, ní sholáthrófar an t-ainm ná an seoladh. |
| [8] | Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina mbeidh sí ar fáil |
| [30] | Féadfaidh na tíortha an ceanglas sin a tharscaoileadh i gcás modhanna iompair seachas iompar d'iarnród i gcás nach dtrasnaítear teorainn sheachtrach na bPáirtithe Conarthacha le linn na gluaiseachta idirthurais. |
| [34] | Ná húsáid i gcás iompar ag suiteálacha iompair seasta. |
| [35] | I gcás ina n-iompraítear earraí in aonaid iompair ilmhódúla, amhail coimeádáin, cabhlacha soghluaiste agus leathleantóirí, féadfaidh na húdaráis chustaim a údarú do shealbhóir an nós imeachta idirthurais gan an fhaisnéis sin a sholáthar i gcás ina bhféadfaidh an patrún lóistíochta ag an bpointe imeachta cosc a chur ar chéannacht agus ar náisiúntacht na córach iompair a bheith á soláthar tráth a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais, ar choinníoll go bhfuil uimhreacha uathúla ag na haonaid iompair ilmhódúla agus go léirítear na huimhreacha sin in E.S. 19 07 063 000 Uimhir aitheantais coimeádáin. |
| [36] | Sna cásanna seo a leanas, tarscaoilfidh tíortha an oibleagáid an fhaisnéis sin a chur isteach ar dhearbhú maidir le hidirthuras arna thaisceadh san oifig custaim imeachta i ndáil leis an gcóir iompair ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach:<br>- i gcás nach féidir an eilimint sonraí sin a sholáthar de bharr an phatrúin lóistíochta agus go bhfuil stádas AEOC san Aontas ag sealbhóir an nós imeachta idirthurais nó stádas den chineál céanna i dtír chomhchoiteann idirthurais, agus<br>- i gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis ábhartha a rianú i gcás ina mbeidh gá leis trí thaifid shealbhóir an nós imeachta idirthurais. |
| [60] | Tá an eilimint sonraí sin le soláthar i gcás inarb ann d'údarú de réir Airteagal 55 d'Fhoscríbhinn I. |
| [61] | Tá an eilimint sonraí seo roghnach nuair a chuirtear an dearbhú isteach roimh thíolacadh na n-earraí. |

| | |
|---|---|
| [65] | Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin nuair a chinneann údarás custaim na hearraí a shéalú. |
| [70] | Níl cead é a úsáid i gcás nach bhfuil aon oifig custaim idirthurais (E.S. 17 04 000 000) dearbhaithe. |
| [71] | Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin más ionann í agus na córacha iompair Imeachta (E.S. 19 05 000 000). |
| [75] | Gan a bheith le comhlánú ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha. |

TEIDEAL III

## NÓTAÍ AGUS CÓID I NDÁIL LEIS NA COMHCHEANGLAIS SONRAÍ LE HAGHAIDH DEARBHAITHE MAIDIR LE HIDIRTHURAS

Leis an téarma ‘cineál/fad’ sa mhíniú ar aitreabúid léirítear na ceanglais maidir leis an gcineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad seo a leanas na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí.

### Grúpa 11 – Faisnéis teachtaireachta (lena n-áirítear cóid nós imeachta)

*11 01 000 000* *Cineál dearbhaithe*

Cuir isteach an cód ábhartha.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

| Cód | Cur síos | Tacar sonraí sa tábla ceanglas sonraí i dTeideal II den Iarscríbhinn seo |
|---|---|---|
| C | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d’Fhoscríbhinn I. | D3 |
| T | Coinsíneachtaí measctha lena gcuimsítear earraí atá le cur faoi nós imeachta T1 agus earraí atá le cur faoi nós imeachta idirthurais T2, a chumhdaítear le hAirteagal 28 d’Fhoscríbhinn I. | D1, D2 |
| T1 | Earraí nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu, agus a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais. | D1, D2, D3 |
| T2 | Earraí a bhfuil stádas custaim earraí de chuid | D1, D2, D3 |

| Cód | Cur síos | Tacar sonraí sa tábla ceanglas sonraí i dTeideal II den Iarscríbhinn seo |
|---|---|---|
| | an Aontais acu, agus a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais. | |
| T2F | Earraí a bhfuil stádas custaim de chuid an Aontais acu, agus a aistrítear idir cuid de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE nó Threoir 2008/118/CE maidir léi agus tír chomhchoiteann idirthurais. | D1, D2, D3 |
| TD | Earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais cheana i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I. | D3 |
| X | Earraí de chuid an Aontais ar ina leith a cuireadh deireadh lena n-onnmhairiú agus a dearbhaíodh a n-imeacht, agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I. | D3 |

*11 02 000 000* *<u>Cineál dearbhaithe bhreise</u>*

Cuir isteach an cód ábhartha.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

| | |
|---|---|
| A | le haghaidh dearbhú caighdeánach custaim (faoi Airteagail 25 agus 26 d'Fhoscríbhinn I) |
| D | chun dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód A) i gcomhréir le hAirteagal 29a d'Fhoscríbhinn I |

*11 03 000 000* *<u>Uimhir míre earraí</u>*

Uimhir na míre atá sa dearbhú i gcás ina bhfuil níos mó ná mír earraí amháin ann.

*11 07 000 000* *<u>Slándáil</u>*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh cé acu atá an dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair (EXS) nó le Dearbhú iontrála

achomair (ENS) i gcomhréir le reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha féin maidir le bearta sábháilteachta agus slándála.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

| Cód | Cur síos | Míniú |
|---|---|---|
| 0 | NÍL | Níl dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair ná le Dearbhú iontrála achomair. |
| 1 | ENS | Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú iontrála achomair. |
| 2 | EXS | Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair. |
| 3 | ENS agus EXS | Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair agus le Dearbhú iontrála achomair. |

*11 08 000 000* *<u>Táscaire tacair sonraí laghdaithe</u>*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh cé acu atá tacar sonraí laghdaithe sa dearbhú.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

| | |
|---|---|
| 0 | Níl (Ní dhearbhaítear earraí le tacar sonraí laghdaithe) |
| 1 | Tá (Dearbhaítear earraí le tacar sonraí laghdaithe) |

**Grúpa 12 – Tagairtí do theachtaireachtaí, doiciméid, deimhnithe, údaruithe**

*12 01 000 000* *<u>Doiciméad roimhe</u>*

Sonraigh na mionsonraí a bhaineann leis an doiciméad roimhe sin.

I gcás na mBallstát den Aontas Eorpach – Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le deireadh a chur leis an stóráil shealadach. Áireofar ar na sonraí sin an chainníocht díscríofa agus an t-aonad tomhais lena mbaineann.

*12 01 001 000* *Uimhir thagartha*

Tabhair an tagairt don stóráil shealadach nó don nós imeachta custaim roimhe sin nó do dhoiciméid chustaim chomhfhreagracha.

I gcás na mBallstát den Aontas Eorpach – má leanann idirthuras an t-onnmhairiú, cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cuirtear uimhir aitheantais nó tagairt inaitheanta eile an doiciméid isteach anseo.

I gcás ina dtagraítear do MRN mar dhoiciméad roimhe, beidh an struchtúr a leanas ag an uimhir thagartha:

| Réimse | Ábhar | Formáid | Samplaí |
|---|---|---|---|
| 1 | Dhá dhigit dheireanacha na bliana ar glacadh an dearbhú go foirmiúil (BB) | u2 | 21 |
| 2 | Aitheantóir na tíre ina dtaisctear an dearbhú/an fógra (Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3) | a2 | RO |
| 3 | Aitheantóir uathúil na teachtaireachta de réir bliana agus tíre | au 12 | 9876AB889012 |
| 4 | Aitheantóir nós imeachta | a1 | B |
| 5 | Digit seiceála | au1 | 1 |

Réimsí 1 agus 2 mar a mhínítear thuas.

Líonfar réimse 3 isteach le haitheantóir le haghaidh na teachtaireachta lena mbaineann. Is faoi fhreagracht na riarachán náisiúnta an bealach ina n-úsáidtear an réimse sin ach ní mór do gach teachtaireacht a láimhseáiltear le linn bliain amháin laistigh den tír áirithe uimhir uathúil a bheith aici i ndáil leis an nós imeachta lena mbaineann.

Na riaracháin náisiúnta ar mian leo uimhir thagartha na hoifige inniúla custaim a chur san áireamh in MRN, is féidir leo suas leis an gcéad 6 charachtar a úsáid chun í a léiriú.

Líonfar réimse 4 isteach le haitheantóir an nós imeachta mar a shainítear sa tábla thíos.

Líonfar réimse 5 isteach le luach ar digit seiceála é le haghaidh MRN iomlán. Is féidir earráid a bhrath le linn MRN iomlán a ghabháil leis an réimse sin.

Cóid atá le húsáid i réimse 4 Aitheantóir nós imeachta:

| Cód | Nós imeachta |
|---|---|
| A | Onnmhairiú amháin |
| B | Onnmhairiú agus dearbhú imeachta achomair |
| C | Dearbhú imeachta achomair amháin |

| Cód | Nós imeachta |
|---|---|
| D | Fógra ath-onnmhairithe |
| E | Earraí a sheoladh i ndáil le críocha fioscacha speisialta |
| J | Dearbhú maidir le hidirthuras amháin |
| K | Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú imeachta achomair |
| L | Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú iontrála achomair |
| M | Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú imeachta achomair agus dearbhú iontrála achomair |
| P | Cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais/Lastliosta earraí custaim |
| R | Dearbhú allmhairiúcháin amháin |
| S | Dearbhú allmhairiúcháin agus dearbhú iontrála achomair |
| T | Dearbhú iontrála achomair amháin |
| U | Dearbhú maidir le stóráil shealadach |
| V | Earraí a thabhairt isteach i ndáil le críocha fioscacha speisialta |
| W | Dearbhú maidir le stóráil shealadach agus dearbhú iontrála achomair |
| Z | Fógra teachta |

*12 01 002 000* *Cineál*

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, léirigh an cineál doiciméid atá ann.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

*12 01 003 000* *An cineál pacáiste*

Cuir isteach an cód lena sonraítear an cineál pacáiste a bhaineann le díscríobh líon na bpacáistí.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód an chineáil pacáiste dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 1.

*12 01 004 000* *Líon pacáistí*

Cuir isteach an uimhir ábhartha dhíscríofa pacáistí.

*12 01 005 000* *Aonad tomhais agus cáilitheoir*

Cuir isteach an t-aonad tomhais ábhartha díscríofa agus an cáilitheoir ábhartha díscríofa.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid agus a bhformáidí:**

Úsáidfear na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainítear in TARIC. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..4 ar na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh formáidí u..4 orthu riamh, is formáid a choimeádtar le haghaidh aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta.

Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..4 orthu.

*12 01 006 000* *Cainníocht*

Cuir isteach an chainníocht ábhartha díscríofa.

*12 01 007 000* *Aitheantóir míre earraí*

Cuir isteach uimhir mhíre na n-earraí mar a dearbhaíodh sa Doiciméad roimhe seo í.

*12 01 079 000* *Comhlánú faisnéise*

Cuir isteach faisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad roimhe seo.

Cuireann an eilimint sonraí seo ar chumas an oibreora eacnamaíoch aon fhaisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad roimhe seo a sholáthar.

*12 02 000 000* *<u>Faisnéis bhreise:</u>*

Bain úsáid as an eilimint sonraí seo i ndáil le faisnéis nach sonraítear i reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha an réimse ina gcuirfear isteach í.

*12 02 008 000* *Cód*

Cuir isteach an cód ábhartha, agus, más infheidhme, an cód dá bhforálann an tír lena mbaineann.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid agus a bhformáidí:**

Úsáidtear cód cúig dhigit chun faisnéis bhreise de chineál custaim a ionchódú:

Cód 0xxxx – Catagóir ghinearálta

Cód 2xxxx – I gcás idirthurais

Úsáidtear na cóid ‘00200’, ‘20100’, ‘20200’ agus ‘20300’ i gcás dearbhuithe páipéarbhunaithe agus leictreonacha maidir le hidirthuras, más infheidhme.

| Cód | Bunús dlí | Ábhar | Faisnéis bhreise |
|---|---|---|---|
| 00200 | Iarscríbhinn A1 a, Teideal III | Roinnt doiciméad agus páirtithe | ‘Éagsúil’ |
| 20100 | Airteagal 18 den Choinbhinsiún | Onnmhairiú ó Pháirtí Conarthach nó ón Aontas faoi réir srianta | |
| 20200 | Airteagal 18 den Choinbhinsiún | Onnmhairiú ó Pháirtí Conarthach nó ón Aontas faoi réir dleachtanna | |
| 20300 | Airteagal 18 den Choinbhinsiún | Onnmhairiú | ‘Onnmhairiú ’ |

Féadfaidh tíortha cóid náisiúnta a shainiú.

Ní mór an fhormáid a1au4 a bheith ar na cóid náisiúnta.

*12 02 009 000* *Téacs*

Is féidir aon téacs míniúcháin maidir leis an gcód dearbhaithe a sholáthar más gá.

*12 03 000 000* *<u>Doiciméad tacaíochta</u>*

*12 03 001 000* *Uimhir thagartha*

Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha i dtaca le doiciméid idirnáisiúnta nó deimhnithe idirnáisiúnta na bPáirtithe Conarthacha a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach na sonraí a éilítear le haon riail shonrach is infheidhme, mar aon le sonraí tagartha na ndoiciméad a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha doiciméad náisiúnta nó deimhnithe náisiúnta a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

*12 03 002 000* *Cineál*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le ceadúnais agus deimhnithe onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid agus a bhformáidí:**

Maidir le doiciméid, deimhnithe agus údaruithe idirnáisiúnta nó de chuid na bPáirtithe Conarthacha a thugtar ar aird chun tacú leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ní mór iad a chur isteach san fhormáid a1au3. Tá liosta na ndoiciméad, na ndeimhnithe agus na n-údaruithe, agus a gcóid faoi seach le fáil i mbunachar sonraí TARIC.

Maidir le doiciméid, deimhnithe agus údaraithe a thugtar ar aird chun tacú leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ní mór iad a chur isteach san fhormáid u1au3 (Sampla: 2123, 34d5). Seasann na ceithre charachtar do chóid atá bunaithe ar ainmníocht na tíre sin féin.

*12 03 013 000* *Uimhir míre líne an doiciméid*:

Cuir isteach uimhir sheicheamhach na míre sa doiciméad tacaíochta (e.g. deimhniú, ceadúnas, cead, doiciméad iontrála etc.), a fhreagraíonn don mhír atá i gceist.

*12 03 079 000* *Comhlánú faisnéise*

Cuir isteach faisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad tacaíochta.

Cuireann an eilimint sonraí seo ar chumas an oibreora eacnamaíoch aon fhaisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad tacaíochta a sholáthar.

*12 04 000 000* *<u>Tagairt bhreise</u>*

*12 04 001 000* *Uimhir thagartha*

Uimhir thagartha d'aon dearbhú breise a dhéantar nach gcumhdaítear le Doiciméad tacaíochta, Doiciméad iompair ná Faisnéis bhreise.

*12 04 002 000* *Cineál*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach na sonraí a éilítear le haon riail shonrach is infheidhme.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid agus a bhformáidí:**

Ní mór cóid na bPáirtithe Conarthacha le haghaidh Tagairtí Breise a chur isteach san fhormáid a1au3. Tá liosta na dtagairtí breise agus a gcóid faoi seach le fáil i mbunachar sonraí TARIC.

Féadfaidh tíortha cóid náisiúnta a shainiú. Ní mór cóid na dTagairtí Breise náisiúnta a chur isteach san fhormáid n1au3, agus uimhir aitheantais nó tagairt inaitheanta eile ina dhiaidh b'fhéidir. Seasann na ceithre charachtar do chóid atá bunaithe ar ainmníocht na tíre sin féin.

*12 05 000 000* *<u>Doiciméad iompair</u>*

Áirítear leis an eilimint sonraí seo cineál agus tagairt an doiciméid iompair.

*12 05 001 000* *Uimhir thagartha*

**Le haghaidh cholún D3:**

Áirítear leis an eilimint sonraí seo tagairt don doiciméad iompair a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthurais.

*12 05 002 000* *Cineál*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

*12 08 000 000* *<u>Uimhir thagartha/TUC</u>*

Baineann an iontráil seo leis an uimhir thagartha coinsíneachta uathúil a shann an duine lena mbaineann don choinsíneacht atá i gceist.

D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm cóid WCO (ISO 15459) nó i bhfoirm choibhéiseach. Soláthraíonn sé rochtain ar shonraí tráchtála foluiteacha is díol suime do lucht custaim.

*12 09 000 000* *<u>An uimhir thagartha áitiúil (LRN)</u>*

Úsáidfear an uimhir thagartha áitiúil (LRN). Déanann an dearbhóir é a shainiú agus a leithdháileadh go náisiúnta i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla chun gach dearbhú aonair a shainaithint.

*12 12 000 000* *<u>Údarú</u>*

*12 12 001 000* *Uimhir thagartha*

Cuir isteach uimhir thagartha na n-údaruithe uile is gá maidir leis an dearbhú agus leis an bhfógra.

*12 12 002 000* *Cineál*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

**Grúpa 13 – Páirtithe**

*13 02 000 000* *<u>Coinsíneoir</u>*

Páirtí a choinsíneoidh earraí mar a shonraítear sa chonradh iompair ag an bpáirtí atá ag ordú an iompair.

Ní mór an eilimint sin a chur ar fáil nuair nach ionann í agus an dearbhóir.

*13 02 016 000* *Ainm*

Cuir isteach an t-ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.

*13 02 017 000* *Uimhir aitheantais*:

Cuir isteach uimhir EORI an choinsíneora nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an Páirtí Conarthach lena mbaineann, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhreach aitheantais uathúla tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann. Is féidir an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Is mar a leanas atá an struchtúr a ghabhann le huimhir aitheantas uathúil tríú tír a cuireadh ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann:

| Réimse | Ábhar | Formáid |
|---|---|---|
| 1 | Cód tíre | a2 |
| 2 | Uimhir aitheantais uathúil i dtríú tír | au..15 |

Cód tíre: Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*13 02 018 000* *Seoladh:*

*13 02 018 019* *Sráid agus uimhir*

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

*13 02 018 020* *Tír*

Cuir isteach cód na tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*13 02 018 021* *Cód Poist*:

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

*13 02 018 022* *Cathair*

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

*13 02 074 000* *Teagmhálaí*

*13 02 074 016* *Ainm*

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

*13 02 074 075* *Uimhir theileafóin*

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

*13 02 074 076* *Seoladh ríomhphoist*

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

*13 03 000 000* *<u>Coinsíní</u>*

An páirtí a gcoinsínítear earraí chucu go hiarbhír.

Is féidir an eilimint sonraí seo agus a cuid fo-eilimintí a dhearbhú ar leibhéal HI go dtí go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha go léir uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/578.

*13 03 016 000* *Ainm*

Cuir isteach an t-ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.

*13 03 017 000* *Uimhir aitheantais*

Cuir isteach uimhir EORI nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an Páirtí Conarthach lena mbaineann, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhreach aitheantais uathúla tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann. Is féidir an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

*13 03 018 000* *Seoladh:*

*13 03 018 019* *Sráid agus uimhir*

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

*13 03 018 020* *Tír*

Cuir isteach cód na tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

I gcás tíortha comhchoiteanna idirthurais - tá cód XI roghnach.

*13 03 018 021* *Cód Poist*

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

*13 03 018 022* *Cathair*:

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

*13 06 000 000* *<u>Ionadaí</u>*

Beidh an fhaisnéis sin ag teastáil, murab ionann í agus E.S. 13 05 000 000 Dearbhóir, nó i gcás inarb iomchuí, E.S. 13 07 000 000 Sealbhóir an nós imeachta idirthurais.

*13 06 017 000* *Uimhir aitheantais*

Cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

*13 06 030 000* *Stádas*

Cuir isteach an cód ábhartha a léiríonn stádas an ionadaí.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cuir isteach ceann de na cóid seo a leanas roimh an ainm iomlán chun stádas an ionadaí a ainmniú:

| | |
|---|---|
| 2 | Ionadaíocht dhíreach (gníomhaíonn an t-ionadaí custaim in ainm agus thar ceann duine eile) |
| 3 | Ionadaíocht indíreach (gníomhaíonn an t-ionadaí custaim ina ainm nó ina hainm féin, ach thar ceann duine eile) |

Tá cód 3 neamhábhartha maidir le nósanna imeachta idirthurais custaim.

*13 06 074 000* *Duine teagmhála:*

*13 06 074 016* *Ainm*

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

*13 06 074 075* *Uimhir theileafóin*

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

*13 06 074 076* *Seoladh ríomhphoist*

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

*13 07 000 000* *<u>Sealbhóir an nós imeachta idirthurais:</u>*

*13 07 016 000* *Ainm*:

Cuir isteach ainm iomlán (duine nó cuideachta) agus seoladh shealbhóir an nós imeachta idirthurais. I gcás inarb iomchuí, cuir isteach ainm iomlán (duine nó cuideachta) an ionadaí údaraithe a thaisceann an dearbhú maidir le idirthurais thar ceann shealbhóir an nós imeachta.

*13 07 017 000* *Uimhir aitheantais*

Cuir isteach uimhir EORI shealbhóir an nós imeachta idirthurais nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

*13 07 018 000* *Seoladh:*

*13 07 018 019* *Sráid agus uimhir*

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

*13 07 018 020* *Tír*

Cuir isteach cód na tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*13 07 018 021* *Cód Poist*

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

*13 07 018 022* *Cathair*

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

*13 07 074 000* *Duine teagmhála:*

*13 07 074 016* *Ainm*

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

*13 07 074 075* *Uimhir theileafóin*

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

*13 07 074 076* *Seoladh ríomhphoist*

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

*13 14 000 000* *Gníomhaí breise sa slabhra soláthair*

Is féidir gníomhaithe breise sa slabhra soláthair a léiriú anseo chun a léiriú go raibh an slabhra soláthair ina iomláine cumhdaithe ag oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil stádas AEO acu.

Má úsáidtear an aicme sonraí seo cuirfear an uimhir Róil agus Aitheantais ar fáil, é sin nó beidh an eilimint sonraí seo roghnach.

*13 14 017 000* *Uimhir aitheantais*

Déanfar uimhir EORI nó an uimhir aitheantais uathúil tríú tír a dhearbhú nuair a shanntar an uimhir sin don pháirtí.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

*13 14 031 000* *Ról*

Cuir isteach an cód róil ábhartha ina sonraítear ról na ngníomhaithe breise sa slabhra soláthair.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Is féidir na páirtithe seo a leanas a dhearbhú:

| Cód an Róil | Páirtí | Cur síos |
|---|---|---|

| Cód an Róil | Páirtí | Cur síos |
|---|---|---|
| CS | Comhdhlúiteoir lastais | Seoltóir lasta a chomhcheanglaíonn coinsíneachtaí aonair beaga ina gcoinsíneacht aonair mhór amháin (le linn próiseas comhdhlúthaithe) a chuirtear ar aghaidh chuig contrapháirtí a dhéanann gníomhaíocht an chomhdhlúiteora lastais a dhíscaoileadh tríd an gcoinsíneacht chomhdhlúite a roinnt ina comhpháirteanna bunaidh |
| FW | Seoltóir Lasta | An páirtí a chuireann earraí ar aghaidh |
| MF | Monaróir | An páirtí a mhonaraíonn earraí |
| WH | Coimeádaí Trádstórais | An páirtí a ghlacann freagracht as earraí a thugtar isteach i dtrádstóras |

**Grúpa 16 – Áiteanna/Tíortha/Réigiúin**

*16 03 000 000* *<u>Tír cinn scríbe</u>*

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach tír cinn scríbe dheireanach na n-earraí.

Sainmhínítear an tír cinn scríbe dheireanach a bhfuil eolas uirthi mar an tír dheireanach faoina a bhfuiltear ar an eolas a bhfuil na hearraí le seachadadh chuici, tráth a scaoiltear isteach sa nós imeachta custaim iad.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

I gcás tíortha comhchoiteanna idirthurais - tá cód XI roghnach.

*16 06 000 000* *<u>Tír seolta</u>*

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach an tír óna ndéantar na hearraí a sheoladh/onnmhairiú.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*16 12 000 000* *<u>Tír trína ndéantar an choinsíneacht a ródú</u>*

Éilítear an eilimint sonraí seo nuair a shainíonn an oifig custaim imeachta cúrsa taistil forordaithe (féach 16 17 000 000 Cúrsa taistil forordaithe).

Na tíortha a shainaithint in ord croineolaíoch ar tíortha iad trína ndéantar na hearraí a ródú idir an tír imeachta agus an tír cinn scríbe. Cuimsíonn sé sin freisin tíortha imeachta agus tíortha cinn scríbe na n-earraí.

*16 12 020 000* *Tír*

Cuir isteach an cód tíre nó na cóid tíre ábhartha i seicheamh ceart de réir ródú na coinsíneachta.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*16 13 000 000* *Áit luchtaithe*

Sainaithint an chalafoirt, an aerfoirt, an chríochfoirt lasta, an stáisiúin iarnróid nó na háite eile ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun iad a iompar, lena n-áirítear an tír ina bhfuil sé lonnaithe. I gcás ina mbíonn sí ar fáil, soláthrófar faisnéis chódaithe le haghaidh an suíomh a shainaithint.

I gcás nach bhfuil aon NA/LOCODE ar fáil don suíomh lena mbaineann, cuirfear ainm na háite isteach i ndiaidh an chóid tíre, agus é sin leis an leibhéal beachtais is airde is féidir.

*16 13 020 000* *Tír*

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun teorainn an Pháirtí Chonarthaigh a thrasnú.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

I gcás nach bhfuil an áit luchtaithe códaithe i gcomhréir le NA/LOCODE, déantar an tír ina bhfuil an áit luchtaithe lonnaithe a shainaithint leis an gCód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*16 13 036 000* *NA/LOCODE*

Cuir isteach NA/LOCODE le haghaidh na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun iad a iompar trasna theorainn an Pháirtí Chonarthaigh.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4.

*16 13 037 000* *Suíomh*

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun iad a iompar trasna theorainn an Pháirtí Chonarthaigh.

*16 15 000 000* *Suíomh earraí*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach an suíomh ina bhféadfar na hearraí a scrúdú. Beidh sonraí an tsuímh sin sách beacht chun go mbeidh lucht custaim in ann rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí.

Níl úsáidfear ach Cineál suímh amháin an tráth céanna.

*16 15 036 000* *NA/LOCODE*

Úsáid na cóid a shainítear i Liosta Cóid NA/LOCODE de réir Tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4.

*16 15 045 000* *An cineál suímh*

Cuir isteach an cód ábhartha atá sonraithe le haghaidh cineál suímh.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

I gcás cineál suímh, bain úsáid as na cóid a shonraítear thíos:

| | |
|---|---|
| A | Suíomh ainmnithe |
| B | Áit údaraithe |
| C | Áit fhormheasta |
| D | Eile |

*16 15 046 000* *Cáilitheoir aitheantais*

Cuir isteach an cód ábhartha chun an suíomh a shainaithint. Ní sholáthrófar ach an t-aitheantóir ábhartha de réir an cháilitheora a úsáidtear.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Chun an suíomh a shainaithint, bain úsáid as ceann de na haitheantóirí thíos:

| Cáilitheoir | Aitheantóir | Cur síos |
|---|---|---|
| T | Seoladh cóid poist | Bain úsáid as an gcód poist le huimhir an tí nó gan uimhir an tí le haghaidh an tsuímh lena mbaineann. |
| U | NA/LOCODE | NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4. |
| V | Aitheantóir na hoifige custaim | Bain úsáid as na cóid a shonraítear faoi E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim cinn scríbe/Uimhir thagartha. |

| Cáilitheoir | Aitheantóir | Cur síos |
|---|---|---|
| W | Comhordanáidí GNSS | Céimeanna deachúla le huimhreacha diúltacha le haghaidh an Deiscirt agus an Iarthair.<br>Samplaí: 44.424896°/8.774792° nó 50.838068°/ 4.381508° |
| X | Uimhir EORI | Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais. I gcás ina mbíonn níos mó ná áitreabh amháin ag an oibreoir eacnamaíoch, líonfar isteach an uimhir le haitheantóir atá uathúil don suíomh lena mbaineann. |
| Y | Uimhir údaraithe | Cuir isteach uimhir údaraithe an tsuímh lena mbaineann, i.e. údarú don stádas mar choinsíneoir údaraithe. I gcás ina mbaineann an t-údarú le níos mó ná áitreabh amháin, líonfar isteach an uimhir údaraithe le haitheantóir atá uathúil don suíomh lena mbaineann. |
| Z | Seoladh | Iontráil seoladh an tsuímh lena mbaineann. |

I gcás ina n-úsáidtear cód ‘X’ (uimhir EORI) nó cód ‘Y’ (uimhir údaraithe) chun an suíomh a shainaithint, agus ina bhfuil roinnt suíomhanna bainteach leis an uimhir EORI nó leis an uimhir údaraithe lena mbaineann, is féidir aitheantóir breise a úsáid chun a bheith in ann an suíomh a shainaithint go cinnte.

*16 15 047 000 Oifig custaim*

Cuir isteach cód ábhartha na hoifige custaim i gcás ina bhfuil earraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.

*16 15 047 001 Uimhir thagartha*

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim ina bhfuil na hearraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim cinn scríbe/Uimhir thagartha.

*16 15 048 000 GNSS*

Cuir isteach comhordanáidí ábhartha ó Chórais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) i gcás ina bhfuil earraí ar fáil.

*16 15 048 049 Domhanleithead*

Cuir isteach domhanleithead an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.

*16 15 048 050 Domhanfhad*

Cuir isteach domhanfhad an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.

*16 15 051 000 Oibreoir eacnamaíoch*

Bain úsáid as uimhir aitheantais an oibreora eacnamaíoch ar ina áitreabh is féidir na hearraí a rialú.

*16 15 051 017 Uimhir aitheantais*

Cuir isteach uimhir EORI nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoitinn idirthurais de chuid shealbhóir an údaraithe.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

*16 15 052 000 Uimhir údaraithe*

Cuir isteach uimhir an údaraithe don suíomh lena mbaineann.

*16 15 053 000 Aitheantóir breise*

I gcás roinnt áitreabh, chun gur féidir an suíomh a shonrú ar bhealach níos beaichte i ndáil le EORI, le huimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais nó le húdarú, cuir isteach an cód ábhartha i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

*16 15 018 000 Seoladh:*

*16 15 018 019 Sráid agus uimhir*

Cuir isteach an tsráid agus an uimhir ábhartha.

*16 15 018 020 Tír*

Cuir isteach cód na tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*16 15 018 021* *Cód Poist*

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

*16 15 018 022* *Cathair*

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

*16 15 081 000* *Seoladh cóid poist*

Is féidir an fho-aicme seo a úsáid i gcás inar féidir suíomh na n-earraí a chinneadh tríd an gcód poist arna chomhlánú le huimhir an tí más gá.

*16 15 081 020* *Tír*

Cuir isteach cód na tíre.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

*16 15 081 021* *Cód Poist*

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shuíomh na n-earraí lena mbaineann.

*16 15 081 025* *Uimhir tí*

Cuir isteach uimhir an tí le haghaidh shuíomh na n-earraí lena mbaineann.

*16 15 074 000* *Teagmhálaí*

*16 15 074 016* *Ainm*

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

*16 15 074 075* *Uimhir theileafóin*

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

*16 15 074 076* *Seoladh ríomhphoist*

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

*16 17 000 000* <u>*Cúrsa taistil forordaithe*</u>

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cé acu a cuirtear an Cúrsa taistil forordaithe i bhfeidhm.

Le Cúrsa taistil forordaithe sainítear an bealach ar a n-aistreofar na hearraí ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim cinn scríbe ar feadh cúrsa taistil a bhfuil údar cuí eacnamaíoch leis.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

| | |
|---|---|
| 0 | Ní gá earraí a aistriú ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim cinn scríbe ar feadh cúrsa taistil forordaithe |
| 1 | Aistreofar earraí ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim cinn scríbe ar feadh cúrsa taistil forordaithe |

**Grúpa 17 – Na hoifigí custaim**

*17 03 000 000* *<u>Oifig custaim imeachta</u>*

*17 03 001 000* *Uimhir thagartha*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina gcuirfear tús leis an oibríocht idirthurais.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim cinn scríbe/Uimhir thagartha.

*17 04 000 000* *<u>Oifig custaim idirthurais</u>*

*17 04 001 000* *Uimhir thagartha*

Cuir isteach an cód don oifig custaim atá beartaithe agus inniúil maidir leis an bpointe iontrála isteach i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh nuair a aistrítear na hearraí faoin nós imeachta idirthurais, nó don oifig custaim atá inniúil maidir leis an bpointe imeachta ó chríoch Páirtí Chonarthaigh nuair a fhágann na hearraí an chríoch sin le linn oibríochta idirthurais trí theorainn idir an Páirtí Conarthach sin agus tríú tír.

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim lena mbaineann.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid:**

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.

*17 05 000 000* *<u>Oifig custaim cinn scríbe</u>*

*17 05 001 000* *Uimhir thagartha*

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina gcuirfear deireadh leis an oibríocht idirthurais.

**Seo a leanas na cóid atá le húsáid agus a bhformáidí:**

3. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas go pras faoin gcaingean a glacadh mar thoradh ar a iarraidh ar fhógra agus, go ró-áirithe, faoin dáta a cuireadh an cinneadh nó an ionstraim ar aghaidh chuig an seolaí.

4. Soláthrófar an iarraidh ar fhógra san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo.

**Iarraidh ar aisghabháil**

*Airteagal 6*

1. Arna iarraidh sin ag an údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha éilimh a aisghabháil, is éilimh atá faoi réir ionstraime lena gceadaítear iad a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis na dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin is infheidhme maidir le éilimh den chineál céanna a aisghabháil agus a eascraíonn sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite.

2. Chun na críche sin, maidir le haon éileamh ar ina leith a rinneadh iarraidh ar aisghabháil, déileálfar leis mar éileamh de chuid na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, seachas i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 12.

*Airteagal 7*

1. Maidir le hiarraidh ar éileamh a aisghabháil a dhíríonn an t-údarás is iarratasóir chuig an údarás iarrtha, ní mór cóip oifigiúil nó cóip dheimhnithe den ionstraim lena gceadaítear é a fhorfheidhmiú a chur ag gabháil leis, agus, más iomchuí, bunchóip nó cóip dheimhnithe de na doiciméid eile is gá don aisghabháil, is ionstraim arna heisiúint sa tír ina bhfuil an t-údarás iarratasóir suite.

2. Ní fhéadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh ar aisghabháil a dhéanamh:

   (a) mura rud é nach gcuirtear i gcoinne an éilimh agus/nó na hionstraime lena gceadaítear é a fhorfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás suite;

   (b) mura ndearna an t-údarás, sa tír ina bhfuil sé suite, an nós imeachta aisghabhála atá ar fáil dó ar bhonn na hionstraime dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm, agus murar íocadh an t-éileamh ina iomláine mar thoradh ar na bearta a rinneadh;

   (c) mura mó ná EUR 1.500 an t-éileamh. Déanfar coibhéis an mhéid in airgeadraí náisiúnta, arna shloinneadh in EUR, a ríomh i gcomhréir le forálacha Airteagal 22 d'Fhoscríbhinn II.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san iarraidh ar aisghabháil:

   (a) ainm, seoladh, agus sonraí eile atá ábhartha chun an duine lena mbaineann a shainaithint;

   (b) cineál beacht an éilimh/na n-éileamh;

   (c) méid an éilimh/na n-éileamh;

   (d) aon eolas eile, más gá.

   (e) ráiteas ón údarás is iarratasóir lena léirítear an dáta ónar féidir forfheidhmiú a dhéanamh faoi na dlíthe atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite agus lena ndearbhaítear gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 2.

4. A luaithe a thiocfaidh aon fhaisnéise ábhartha a bhaineann leis an ábhar, ba chúis leis an iarraidh ar aisghabháil, ar iúl an údaráis is iarratasóir, cuirfidh sé ar aghaidh chuig an údarás iarrtha í.

*Airteagal 8*

Maidir leis an ionstraim lena gceadaítear an t-éileamh a fhorfheidhmiú, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, déanfar í a ghlacadh, a aithint, a fhorlíonadh nó a ionadú le hionstraim lena gceadaítear an forfheidhmiú i gcríoch na tíre sin.

Ní mór don ghlacadh, aithint, forlíonadh nó ionadú sin tarlú a luaithe is féidir tar éis an dáta a fhaightear an iarraidh ar aisghabháil. Ní féidir iad a dhiúltú má tharraingítear suas i gceart an ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite.

Más rud é, mar thoradh ar aon cheann de na foirmiúlachtaí sin, go dtiocfaidh scrúdú nó conspóid chun cinn i dtaca leis an éileamh agus/nó an ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú arna heisiúint ag an údarás iarrtha, beidh feidhm ag Airteagal 12.

*Airteagal 9*

1. Déanfar éilimh a aisghabháil in airgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite.

2. I gcás ina gceadaítear é sin le dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil sé suite, féadfaidh an t-údarás iarrtha am a cheadú don fhéichiúnaí chun íocaíocht a dhéanamh nó féadfaidh sé íocaíocht i dtráthchodanna a údarú. Aon ús a mhuirearóidh an t-údarás is iarratasóir i leith an ama bhreise sin chun íocaíocht a dhéanamh, íocfar é leis an údarás is iarratasóir.

   Maidir le haon ús eile a mhuirearaítear as íocaíocht dhéanach faoi dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, íocfar é leis an údarás is iarratasóir freisin.

*Airteagal 10*

Ní thabharfar cóir fhabhrach do na héilimh atá le haisghabháil sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite.

*Airteagal 11*

Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas láithreach faoin gcaingean a ghlac sé maidir leis an iarraidh ar aisghabháil.

**Díospóidí**

*Airteagal 12*

1. Más rud é, le linn an nós imeachta aisghabhála, go gconspóideann páirtí leasmhar an t-éileamh nó na héilimh agus/nó an ionstraim lena gceadaítear é a fhorfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, tabharfaidh an páirtí leasmhar sin an chaingean os comhair údarás inniúil na tíre ina bhfuil an t-údarás suite, i gcomhréir leis na dlíthe atá i bhfeidhm ansin. Ní mór don údarás is iarratasóir an chaingean sin a

chur in iúl don údarás iarrtha. Féadfaidh an páirtí lena mbaineann fógra a thabhairt don údarás iarrtha faoin gcaingean freisin.

2. A luaithe a bheidh an fógra dá dtagraítear i mír 1 faighte ag an údarás iarrtha ón údarás is iarratasóir nó ón bpáirtí leasmhar, cuirfidh sé an nós imeachta forfheidhmithe ar fionraí go dtí go ndéanfaidh an comhlacht atá inniúil san ábhar cinneadh.

2a Má mheasann an t-údarás iarrtha gur gá sin, agus gan dochar d'Airteagal 13, féadfaidh an t-údarás sin bearta réamhchúraim a dhéanamh chun aisghabháil a ráthú a mhéid a cheadaíonn na rialacha nó na rialacháin atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil sé suite caingean den sórt sin i gcás éilimh den chineál céanna.

3. I gcás ina gconspóidtear na bearta forfheidhmithe a dhéantar sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, tabharfar an chaingean os comhair údarás inniúil na tíre sin i gcomhréir lena dlíthe agus rialacháin.

4. I gcás inar binse breithiúnach nó riaracháin é an t-údarás inniúil ar os a chomhair a thugtar caingean i gcomhréir le mír 1, maidir le cinneadh an bhinse sin, a mhéid atá sé fabhrach don údarás is iarratasóir agus má cheadaíonn sé aisghabháil an éilimh sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, beidh sé ina 'ionstraim lena gceadaítear forghníomhú' de réir bhrí Airteagal 6, 7 agus 8 agus rachaidh aisghabháil an éilimh ar aghaidh ar bhonn an chinnidh sin.

**Iarraidh ar bhearta réamhchúraim**

*Airteagal 13*

1. Ar iarraidh a fháil dó ón údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha bearta réamhchúraim, más ceadmhach sin faoina dhlí náisiúnta agus má tá sé i gcomhréir lena chleachtas riaracháin, chun aisghabháil a áirithiú i gcás ina ndéantar éileamh nó an ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite a chonspóid tráth an iarraidh a dhéanamh, nó i gcás nach bhfuil an t-éileamh fós faoi réir ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, a mhéid atá bearta réamhchúraim indéanta freisin, i gcás comhchosúil leis, faoi dhlí náisiúnta na tíre sin agus de réir chleachtais riaracháin na tíre sin.

1a Féadfar doiciméid eile, a bhaineann leis na héilimh agus atá arna n-eisiúint sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, a chur ag gabháil leis an iarraidh ar bhearta réamhchúraim.

2. Chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha mhír 1, beidh feidhm ag Airteagail 6, 7(3) agus 7(4), 8, 11, 12 agus 14 *mutatis mutandis*.

3. Soláthrófar an iarraidh ar bhearta réamhchúraim san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo.

**Eisceachtaí**

*Airteagal 14*

Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás iarrtha na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an cúnamh dá bhforáiltear in Airteagail 6 go 13 a dheonú más rud é, mar gheall ar chás an fhéichiúnaí, go gcruthódh aisghabháil an éilimh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta sa tír ina bhfuil an t-údarás sin suite, a mhéid a cheadaíonn

na dlíthe, rialacháin agus cleachtais riaracháin atá i bhfeidhm sa tír sin eisceacht den sórt sin maidir le héilimh náisiúnta;

(b) glacadh le haisghabháil éilimh i gcás ina n-áitíonn sé go bhféadfadh an aisghabháil a bheith ina sárú ar an mbeartas poiblí nó ar leasanna bunriachtanacha eile de chuid na tíre ina bhfuil an t-údarás sin suite.

(c) tabhairt faoi éileamh a aisghabháil i gcás nár ídigh an t-údarás is iarratasóir na modhanna aisghabhála i gcríoch na tíre ina bhfuil sé suite,

(d) an cúnamh a dheonú más lú ná EUR 1 500 méid iomlán na n-éileamh ar ina leith a iarradh cúnamh.

Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi na forais a bheidh le haon iarraidh ar chúnamh a dhiúltú.

*Airteagal 15*

1. Ní rialófar ceisteanna a bhaineann le tréimhsí teorann ach amháin leis na dlíthe atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite.

2. Maidir le bearta a dhéanann an t-údarás is iarratasóir chun éilimh a aisghabháil de bhun iarraidh ar chúnamh, is bearta a mbeadh d'éifeacht acu, dá ndéanfadh an t-údarás is iarratasóir iad, go bhfionrófaí, go n-idirbhrisfí nó go bhfadófaí an tréimhse theorann de réir na ndlíthe atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, measfar go ndearnadh iad sa tír is déanaí atá luaite, a mhéid a bhaineann leis an éifeacht sin.

3. Cuirfidh an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás iarrtha a chéile ar an eolas faoi aon chaingean lena mbristear, lena bhfionraítear nó lena bhfadaítear tréimhse theorann an éilimh ar ina leith a iarradh na bearta aisghabhála nó réamhchúraim, nó faoi aon chaingean a bhféadfadh an éifeacht sin a bheith aici.

**Rúndacht**

*Airteagal 16*

Maidir le doiciméid agus faisnéis a sheoltar chuig an údarás iarrtha de bhun na Foscríbhinne seo, ní fhéadfaidh ach iad seo a leanas iad sin nó í sin a chur in iúl:

(a) an duine a luaitear san iarraidh ar chúnamh;

(b) na daoine agus na húdaráis sin atá freagrach as éilimh a aisghabháil, agus chun na críche sin amháin;

(c) na húdaráis bhreithiúnacha a bhíonn ag déileáil le hábhair a bhaineann le héilimh a aisghabháil.

**Teangacha**

*Airteagal 17*

1. Ag gabháil le hiarrataí ar chúnamh agus doiciméid ábhartha beidh aistriúchán i dteanga oifigiúil na tíre, nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla na tíre, ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite nó aistriúchán i dteanga atá inghlactha d'údarás den sórt sin.

2. Déanfar faisnéis agus sonraí eile a chuireann an t-údarás iarrtha in iúl don údarás is iarratasóir tharraingt suas i dteanga oifigiúil na tíre, nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla na tíre, ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite nó i dteanga eile arna comhaontú idir an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás iarrtha.

**Costais**

*Airteagal 18*

1. Tréigfidh na tíortha lena mbaineann na héilimh uile i leith a chéile ar aisíocaíocht costas mar thoradh ar chúnamh frithpháirteach a dheonóidh siad dá chéile de bhun na Foscríbhinne seo.

Mar sin féin, i gcás ina gcruthaíonn an aisghabháil fadhb shonrach, nó ina mbaineann sí le méid mór i gcostais, nó ina mbaineann sé le coireacht eagraithe, féadfaidh na húdaráis is iarratasóir agus na húdaráis iarrtha socruithe aisíocaíochta a chomhaontú a bhaineann go sonrach leis na cásanna atá i gceist.

2. D'ainneoin mhír 1, leanfaidh an tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite de bheith faoi dhliteanas don tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite maidir le costais a thabhaítear mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a meastar a bheith gan bhunús, a mhéid a bhaineann le substaint an éilimh nó le bailíocht na hionstraime arna heisiúint ag an údarás is iarratasóir.

**Údaráis údaraithe**

*Airteagal 19*

Cuirfidh na tíortha an Coimisiún ar an eolas maidir leis na húdaráis dá gcuid atá údaraithe chun iarrataí ar chúnamh a dhéanamh nó a ghlacadh, agus maidir le haon athrú ábhartha dá éis sin.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a gheofar ar fáil do na tíortha eile.

*Airteagail 20 go 22*

*(Níl Airteagail 20 go 22 san Fhoscríbhinn seo)*

**Forálacha Críochnaitheacha**

*Airteagal 23*

Ní chuirfidh forálacha na Foscríbhinne seo cosc ar thíortha áirithe leibhéal is airde de chúnamh frithpháirteach a thabhairt anois nó san am atá le teacht faoi aon chomhaontú ná aon socrú, lena n-áirítear comhaontuithe agus socruithe maidir le fógra i dtaobh gníomhartha dlíthiúla agus seach-dhlíthiúla.

*Airteagail 24 go 26*

*(Níl Airteagail 24 go 26 san Fhoscríbhinn seo)*

## IARSCRÍBHÍNNÍ A GHABHANN LE FOSCRÍBHINN IV

## IARSCRÍBHINN I
## FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

### TEIDEAL I
### Raon feidhme

*Airteagal 1*

1. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na rialacha maidir le Foscríbhinn IV a chur chun feidhme.

2. Leagtar síos freisin san Iarscríbhinn seo rialacha mionsonraithe maidir le suimeanna a aisghabhtar a chomhshó agus a aistriú.

### TEIDEAL II
### Forálacha ginearálta

*Airteagal 1a*

1. Féadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh ar chúnamh a dhéanamh maidir le héileamh amháin nó níos mó ná éileamh amháin nuair atá na héileamh sin in-aisghabhála ón aon duine amháin céanna.

2. Féadfaidh iarraidh ar fhaisnéis, ar fhógra, ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim a bheith bainteach le haon duine de na daoine seo a leanas:

   (a) an féichiúnaí nó na féichiúnaithe;

   (b) aon duine atá faoi dhliteanas as an éileamh a shocrú faoin dlí atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite.

   I gcás inarb eol don údarás is iarratasóir go sealbhaíonn tríú páirtí sócmhainní ar le duine de na daoine a luaitear sa mhír roimhe seo iad, féadfaidh an iarraidh a bheith bainteach leis an tríú páirtí sin freisin.

3. I gcás ina ndiúltóidh an t-údarás iarrtha déileáil le hiarraidh ar chúnamh, tabharfaidh sé fógra don údarás is iarratasóir faoi na cúiseanna leis an diúltú, ina sonrófar na forálacha d'Airteagal 4(3) ar a bhfuil sé ag brath. Tabharfaidh an t-údarás iarrtha fógra den sórt sin a luaithe a bheidh cinneadh déanta aige agus in aon chás laistigh d'aon mhí ón dáta a admhófar go bhfuarthas an iarraidh.

4. Cuirfear in iúl le gach iarraidh ar fhaisnéis, ar fhógra, ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim cé acu a seoladh nó nár seoladh iarraidh den chineál céanna chuig aon údarás eile.

### TEIDEAL III
### Iarraidh ar fhaisnéis

*Airteagal 2*

Maidir leis an iarraidh ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4 d'Fhoscríbhinn IV, tarraingeofar suas i scríbhinn í i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn II. Beidh ar an iarraidh sin stampa oifigiúil an údaráis is iarratasóir agus beidh sí sínithe ag oifigeach den chéanna atá údaraithe go cuí chun iarraidh den sórt sin a dhéanamh.

*(Níl aon Airteagal 3 san Iarscríbhinn seo)*

*Airteagal 4*

Tabharfaidh an t-údarás iarrtha admháil i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) go bhfuarthas an iarraidh ar fhaisnéis a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de sheacht lá ó iarraidh den sórt sin a fháil.

Ar an iarraidh a fháil, iarrfaidh an t-údarás iarrtha ar an údarás is iarratasóir, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar. Soláthróidh an t-údarás is iarratasóir gach faisnéis bhreise is gá ar a mbíonn rochtain aige de ghnáth.

*Airteagal 5*

1. Tarchuirfidh an t-údarás iarrtha gach mír faisnéise a iarradh chuig an údarás is iarratasóir de réir mar a fhaightear í agus nuair a fhaightear í.
2. I gcás nach féidir teacht ar an bhfaisnéis uile a iarradh, nó ar chuid di, laistigh de thréimhse réasúnach ama, ag féachaint don chás áirithe, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoin méid sin, agus cuirfear in iúl na cúiseanna atá leis sin.
3. In aon chás, i ndeireadh thréimhse sé mhí ón dáta admhála go bhfuarthas an iarraidh, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi thoradh na n-imscrúduithe atá déanta aige chun teacht ar an bhfaisnéis a iarradh.
4. I bhfianaise na faisnéise a fhaightear ón údarás iarrtha, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir a iarraidh ar an údarás iarrtha leanúint dá imscrúduithe. Déanfar an iarraidh sin i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) laistigh de dhá mhí ó fhógra a fháil maidir le toradh na n-imscrúduithe atá déanta ag an údarás iarrtha, agus déileálfaidh an t-údarás iarrtha léi i gcomhréir leis na forálacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcéad iarraidh.

*(Níl aon Airteagal 6 san Iarscríbhinn seo)*

*Airteagal 7*

Féadfaidh an t-údarás is iarratasóir, tráth ar bith, an iarraidh ar fhaisnéis a sheol sé chuig an údarás iarrtha a tharraingt siar. Déanfar an cinneadh chun iarraidh a tharraingt siar a tharchur chuig an údarás iarrtha i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs).

## TEIDEAL IV
## Iarraidh ar fhógra

*Airteagal 8*

Déanfar an iarraidh ar fhógra, dá dtagraítear in Airteagal 5 d'Fhoscríbhinn IV, a tharraingt suas í i scríbhinn i ndúblach ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh ar an iarraidh sin stampa oifigiúil an údaráis is iarratasóir agus beidh sí sínithe ag oifigeach den chéanna atá údaraithe go cuí chun iarraidh den sórt sin a dhéanamh.

Cuirfear dhá chóip den ionstraim nó cinneadh, ar ina leith a iarrtar fógra, i gceangal leis an iarraidh dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

*Airteagal 9*

Féadfaidh an iarraidh a bheith bainteach le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuirfear ar an eolas, i gcomhréir leis an dlí atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, maidir le haon ionstraim nó cinneadh a bhaineann leis an duine sin.

*Airteagal 10*

1. Déanfaidh an t-údarás iarrtha, go díreach ar an iarraidh ar fhógra a fháil, na bearta is gá chun an fógra sin a thabhairt i gcomhréir leis an dlí atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás suite.

   Más gá, gan dochar don dáta deiridh le haghaidh fógra a léirítear san iarraidh ar fhógra, iarrfaidh an t-údarás iarrtha ar an údarás is iarratasóir tuilleadh faisnéise a sholáthar.

   Soláthróidh an t-údarás is iarratasóir an fhaisnéis bhreise uile ar a bhfuil rochtain aige de ghnáth.

2. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoin dáta a tugadh fógra a luaithe a bheidh sin déanta trí ceann de chóipeanna a iarrata a sheoladh ar ais chuige leis an deimhniú ar chúl na hiarrata comhlíonta go cuí.

**TEIDEAL -V**
**Iarraidh ar aisghabháil agus/nó ar bearta réamhchúraim a dhéanamh**

*Airteagal 11*

1. Déanfar an iarraidh ar aisghabháil agus/nó ar bearta réamhchúraim a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 6 agus 13 d'Fhoscríbhinn IV, a tharraingt suas i scríbhinn ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Maidir leis an iarraidh, a mbeidh ar áireamh inti dearbhú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn IV le haghaidh an nós imeachta maidir le cúnamh frithpháirteach a thionscnamh sa chás áirithe, beidh uirthi stampa oifigiúil an údaráis is iarratasóir agus beidh sí sínithe ag oifigeach den chéanna atá údaraithe go cuí chun iarraidh den sórt sin a dhéanamh.

2. Maidir leis an ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite agus atá ag gabháil leis an iarraidh, comhlíonfaidh an t-údarás is iarratasóir í, nó comhlíonfar í faoi fhreagracht an údaráis is iarratasóir, bunaithe ar an gcéad ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite.

2a. Féadfar ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú a eisiúint i leith roinnt éileamh i gcás ina bhaineann sí leis an aon duine amháin céanna.

   Chun críocha Airteagail 12 go 19, measfar gur éileamh aonair iad na héilimh uile a chumhdaítear leis an ionstraim chéanna lena gceadaítear forfheidhmiú.

*(Níl aon Airteagal 12 san Iarscríbhinn seo)*

*Airteagal 13*

1. Luafaidh an t-údarás is iarratasóir méideanna an éilimh atá le haisghabháil in airgeadra na tíre ina bhfuil sé suite agus freisin in airgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite.

2. Is é an ráta malairte atá le húsáid chun críocha mhír 1 an ráta díola is déanaí a taifeadadh ar an margadh nó ar na margaí malairte is ionadaíche sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, ar an dáta a shínítear an iarraidh ar aisghabháil.

*Airteagal 14*

1 Tabharfaidh an t-údarás iarrtha admháil i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) go bhfuarthas an iarraidh ar aisghabháil agus/nó ar bearta réamhchúraim a dhéanamh a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de sheacht lá ón iarraidh a fháil.

2. Féadfaidh an t-údarás iarrtha a iarraidh ar an údarás is iarratasóir tuilleadh faisnéise a sholáthar an ionstraim lena gceadaítear forfheidhmiú sa tír iarrtha a chomhlíonadh, más gá. Soláthróidh an t-údarás is iarratasóir gach faisnéis bhreise is gá ar a mbíonn rochtain aige de ghnáth.

*Airteagal 15*

1 Más rud é, laistigh de thréimhse réasúnach ama agus ag féachaint don chás áirithe, nach féidir an t-éileamh uile , nó cuid di, a aisghabháil nó nach féidir bearta réamhchúraim a dhéanamh, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoin méid sin, agus cuirfear in iúl na cúiseanna atá leis sin.

I bhfianaise na faisnéise a fhaightear ón údarás iarrtha, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir a iarraidh ar an údarás iarrtha leanúint den nós imeachta a thug sé faoi maidir le haisghabháil agus/nó maidir le bearta réamhchúraim a dhéanamh. Déanfar an iarraidh sin i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) laistigh de dhá mhí ó fhógra a fháil maidir le toradh an nós imeachta a thug an t-údarás iarrtha faoi chun aisghabháil agus/nó bearta réamhchúraim a dhéanamh, agus déileálfaidh an t-údarás iarrtha léi i gcomhréir leis na forálacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcéad iarraidh.

2 Tráth nach déanaí ná i ndeireadh gach tréimhse sé mhí tar éis an dáta admhála go bhfuarthas an iarraidh, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi staid an dul chun cinn nó faoi thoradh an nós imeachta maidir le haisghabháil nó bearta réamhchúraim.

3. Maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na cleachtais riaracháin atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, i gcás nach gceadaítear leo bearta réamhchúraim nó na bearta aisghabhála faoi Airteagal 12(2a) d'Fhoscríbhinn IV, tabharfaidh an t-údarás iarrtha fógra faoin gcéanna don údarás is iarratasóir a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin ón bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 14(1) a fháil.

*Airteagal 16*

Aon chaingean a ghlactar sa tír ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite agus lena gconspóidtear an t-éileamh nó an ionstraim lena gceadaítear í a fhorghníomhú, tabharfaidh an t-údarás is iarratasóir fógra i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) faoin gcaingean in iúl don

údarás iarrtha go díreach tar éis don údarás is iarratasóir a bheith curtha ar an eolas faoi ghníomhaíocht den sórt sin.

*Airteagal 17*

1. I gcás ina dtiocfaidh an iarraidh ar aisghabháil agus/nó ar bhearta réamhchúraim chun bheith neamhbhríoch mar thoradh ar an éileamh a bheith íoctha nó curtha ar ceal nó ar aon chúis eile, cuirfidh an t-údarás is iarratasóir an méid sin in iúl don údarás iarrtha i scríbhinn láithreach (e.g. le ríomhphost nó facs) ionas go bhféadfaidh an t-údarás iarrtha deireadh a chur le haon chaingean faoinar thug sé.

2. I gcás ina leasaítear, ar chúis ar bith, méid an éilimh is ábhar don iarraidh ar aisghabháil agus/nó ar bhearta réamhchúraim a dhéanamh, cuirfidh an t-údarás is iarratasóir an t-údarás iarrtha ar an eolas láithreach i scríbhinn (e.g. le ríomhphost nó facs) faoin méid sin.

   I gcás inar laghdú ar mhéid an éilimh atá sa leasú, leanfaidh an t-údarás iarrtha den chaingean faoinar thug sé d'fhonn aisghabhála agus/nó bearta réamhchúraim a dhéanamh, ach déanfar an chaingean sin a theorannú don mhéid atá fós gan íoc. Más rud é, tráth a chuirtear an t-údarás iarrtha ar an eolas faoin laghdú ar mhéid an éilimh, go ndearna sé an méid bunaidh a aisghabháil cheana ach nár tionscnaíodh fós an nós imeachta aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 18, aisíocfaidh an t-údarás iarrtha an méid a ró-íocadh leis an duine atá i dteideal an chéanna.

   I gcás inar méadú ar mhéid an éilimh atá sa leasú, déanfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh bhreise ar aisghabháil agus/nó ar bearta réamhchúraim a dhéanamh a sheoladh chuig an údarás iarrtha a luaithe is féidir. Is é an t-údarás iarrtha, a mhéid is féidir, a bheidh ag déileáil leis an iarraidh bhreise sin agus déileálfar léi ag an am céanna leis an iarraidh bhunaidh ón údarás is iarratasóir. Más rud é, i bhfianaise staid dhul chun cinn an nós imeachta atá ann faoi láthair, nach féidir an iarraidh bhreise agus an iarraidh bhunaidh a uamadh, ní cheanglófar ar an údarás iarrtha an iarraidh bhreise a chomhlíonadh ach amháin i gcás ina mbaineann sí le méid nach lú ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 7 d'Fhoscríbhinn IV.

3. Chun an méid leasaithe a chomhshó go hairgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, bainfidh an t-údarás is iarratasóir úsáid as an ráta malairte a úsáideadh ina iarraidh bhunaidh.

*Airteagal 18*

Maidir le haon suim a aisghabhann an t-údarás iarrtha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an t-ús dá dtagraítear in Airteagal 9(2) d'Fhoscríbhinn IV, cuirfear í faoi réir a haistrithe chuig an údarás is iarratasóir in airgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite. Déanfar an t-aistriú laistigh de mhí amháin ón dáta a rinneadh an aisghabháil.

Mar sin féin, i gcás ina gconspóidtear bearta aisghabhála a chuir an t-údarás iarrtha i bhfeidhm ar chúis nach dtagann faoi fhreagracht na tíre ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite, féadfaidh an t-údarás iarrtha fanacht go dtí go socrófar an díospóid chun aistriú a dhéanamh ar shuimeanna a aisghabháladh i ndáil leis na héilimh, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go comhuaineach:

(a) Measann an t-údarás iarrtha gur dócha go mbeidh toradh na conspóide fabhrach don pháirtí lena mbaineann, agus

(b) Nár dhearbhaigh an t-údarás iarrtha go n-aisíocfaidh sé na suimeanna a aistríodh cheana i gcás ina mbíonn toradh na conspóide sin fabhrach don pháirtí lena mbaineann.

*Airteagal 19*

Gan beann ar aon suimeanna a bhailíonn an t-údarás iarrtha trí bhíthin an úis dá dtagraítear in Airteagal 9(2) d'Fhoscríbhinn IV, measfar gur aisghabháladh an t-éileamh i gcomhréir le haisghabháil na suime arna sloinneadh in airgeadra náisiúnta na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite, ar bhonn an ráta malairte dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

## TEIDEAL VI
## Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha

*Airteagal 20*

1. Féadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh ar chúnamh a dhéanamh i leith éileamh amháin nó roinnt éileamh i gcás ina mbíonn na héilimh sin in-aisghabhála ón aon duine amháin céanna.
2. Féadfar an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinní II, III agus IV a tharraingt suas ar ghnáth-pháipéir trí bhíthin córais próiseála sonraí ar choinníoll go mbíonn na hasphriontaí a chruthaítear díobh de réir fhormáid na bhfoirmeacha atá sna Iarscríbhinní.

*Airteagal 21*

Déanfar faisnéis agus sonraí eile a chuireann an t-údarás iarrtha in iúl don údarás is iarratasóir a tharraing suas i dteanga oifigiúil na tíre, nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla na tíre, ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite.

## IARSCRÍBHINN II
## COINBHINSIÚN AN 20 BEALTAINE 1987 MAIDIR LE NÓS IMEACHTA COMHCHOITEANN UM EARRAÍ FAOI BHEALACH
## (AIRTEAGAL 4 D'FHOSCRÍBHINN IV)

(Tuairisc ar an údarás is iarratasóir, seoladh, ríomhphost, uimhreacha teileafóin agus cuntas bainc, etc.)

…………………………………………………………………….
(Áit ónar seoladh an iarraidh agus dáta a seolta)

……………………………………………………………………..
(Tagairt chomhaid an údaráis is iarratasóir)

Chuig
……………………………………………………………………..
(Ainm an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige, bosca poist, áit, etc.)

……………………………………………........................................
…………………………………………………………………….

(Forchoimeádtar an spás seo i gcomhair an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige)

## IARRAIDH AR FHAISNÉIS

Déanaimse, a bhfuil m'ainm anseo thíos,
…………………………………………………………………………………………………………………………......
(ainm agus cáil oifigiúil)
ag gníomhú dom mar ghníomhaire arna údarú go cuí ag an údarás is iarratasóir a léirítear thuas, leis seo an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh, is faisnéis atá le fáil i gcomhréir le hAirteagal 4 d'Fhoscríbhinn (IV) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún

| Faisnéis maidir leis an duine lena mbaineann ([1]) | Faisnéis maidir leis an éileamh/na héilimh | Faisnéis a iarrtar |
|---|---|---|
| (a) Ainm agus seoladh { De réir eolais (*) / Toimhdean (*) }<br>(b) Faisnéis ábhartha eile a bhaineann leis an duine thuasluaite<br>– príomhfhéichiúnaí<br>– comhfhéichiúnaí<br>– tríú páirtí a shealbhaíonn sócmhainní | – Méid an éilimh ábhartha nó méideanna na n-éileamh ábhartha (lena n-áirítear ús agus costas féideartha)<br>– Cineál beacht an éilimh/na n-éileamh<br>– Faisnéis eile | |
| | Údaráis iarrtha eile | ………………………………………………<br>(Síniú)<br><br>(Stampa oifigiúil) |

(*) scrios de réir mar is iomchuí

([1]) Duine nádúrtha nó dlítheanach

# IARSCRÍBHINN III
# COINBHINSIÚN AN 20 BEALTAINE 1987 MAIDIR LE NÓS IMEACHTA COMHCHOITEANN UM EARRAÍ FAOI BHEALACH
## (AIRTEAGAL 5 D'FHOSCRÍBHINN IV)

(Tuairisc ar an údarás is iarratasóir, seoladh, ríomhphost, uimhreacha teileafóin agus cuntas bainc, etc.)

…………………………………………………...
(Áit ónar seoladh an iarraidh agus dáta a seolta)

……………………………………………………
(Tagairt chomhaid an údaráis is iarratasóir)

Chuig
…………………………………………………………
(Ainm an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige, bosca poist, áit, etc.)

……………………………………………..................
……………………………………………………….

(Forchoimeádtar an spás seo i gcomhair an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige)

## IARRAIDH AR FHÓGRA

Déanaimse, a bhfuil m'ainm anseo thíos,
…………………………………………………………………………………………...............................................
(ainm agus cáil oifigiúil)
ag gníomhú dom mar ghníomhaire arna údarú go cuí ag an údarás is iarratasóir a léirítear thuas, leis seo faisnéis a iarraidh, de bhun Airteagal 5 d'Fhoscríbhinn (IV) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún den chinneadh/ionstraim (*) seo a leanas.

| Faisnéis maidir leis an duine lena mbaineann ([1]) | Cineál agus ábhar na hionstraime (nó an chinnidh) faoina bhfuil fógra le tabhairt | Faisnéis maidir leis an éileamh/na héilimh | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|
| (a) Ainm agus seoladh { De réir eolais (*) / Toimhdean (* <br>(b) Ainm agus seoladh an phríomh-fhéichiúnaí murab ionann é agus an seolaí<br>(c) Faisnéis eile | | – Méideanna na n-éileamh (lena n-áirítear ús agus costas féideartha)<br>– Cineál beacht an éilimh/na n-éileamh<br>– Faisnéis eile | <br><br>…………………………. (Síniú)<br><br>(Stampa oifigiúil) |

(*) scrios de réir mar is iomchuí

([1]) Duine nádúrtha nó dlítheanach

## DEIMHNIÚ

Leis seo, deimhníonn an té a bhfuil a shíniú thíos:

– gur tugadh fógra faoin ionstraim/faoin gcinneadh atá i gceangal leis an iarradh don seolaí dá dtagraítear san iarraidh thall sin dar dáta…………………………. Tugadh an fógra ar an mbealach seo a leanas ([1]) (*):

– nár tugadh fógra faoin ionstraim/faoin gcinneadh (*) atá i gceangal leis an iarraidh don seolaí dá dtagraítear san iarraidh sin ar na cúiseanna seo a leanas (*):

……………………………………………………….
(Dáta)

………………………………………………………
(Síniú)

(Stampa oifigiúil)

---

(*) Scrios de réir mar is iomchuí.
([1]) Cuir in iúl go baileach cé acu a tugadh nó nár tugadh fógra don seolaí go pearsanta nó trí nós imeachta eile.

# IARSCRÍBHINN IV
# COINBHINSIÚN AN 20 BEALTAINE 1987 MAIDIR LE NÓS IMEACHTA COMHCHOITEANN UM EARRAÍ FAOI BHEALACH
## (AIRTEAGAL 6 GO 13 D'FHOSCRÍBHINN IV)

(Tuairisc ar an údarás is iarratasóir, seoladh, ríomhphost, uimhreacha teileafóin agus cuntas bainc, etc.)

……………………………………………….
(Áit ónar seoladh an iarraidh agus dáta a seolta)

……………………………………………….
(Tagairt chomhaid an údaráis is iarratasóir)

Chuig

…………………………………………………………
(Ainm an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige, bosca poist, áit, etc.)

………………………………………………………...
…………………………………………………………

(Forchoimeádtar an spás seo i gcomhair an údaráis a gcuirtear an iarraidh chuige)

## IARRAIDH AR AISGHABHÁIL/AR BHEARTA RÉAMHCHÚRAIM A DHÉANAMH (*)

Déanaimse, a bhfuil m'ainm anseo thíos,
……………………………………………………………………………………………………………………...
(ainm agus cáil oifigiúil)
ag gníomhú dom mar ghníomhaire arna údarú go cuí ag an údarás is iarratasóir a léirítear thuas, leis seo an méid seo a leanas a iarraidh:

– aisghabháil an éileamh/na n-éileamh seo a leanas, a chumhdaítear leis an aonad forghníomhaithe atá i gceangal, de bhun Airteagal 7 d'Fhoscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún; tá coinníollacha Airteagal 7 (2) (a) agus (b) comhlíonta (*),
– go ndéanfaí bearta réamhchúraim, de bhun Airteagal 13 d'Fhoscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, i leith an duine a luaitear thíos maidir leis an éileamh/na héilimh a chumhdaítear leis an aonad forghníomhaithe atá i gceangal; Ceanglaím leis seo ráiteas maidir leis na cúiseanna leis an iarraidh seo (*)

| Faisnéis maidir leis an duine lena mbaineann ([1]) | Faisnéis maidir leis an éileamh/na héilimh | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Cineál beacht an éilimh/na n-éileamh | Méid arna shloinneadh in airgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás is iarratasóir suite | Méid arna shloinneadh in airgeadra na tíre ina bhfuil an t-údarás iarrtha suite | Ráta malairte a úsáidead h | Faisnéis eile |
| (a) Ainm agus seoladh { De réir eolais (*) / Toimhdean (* <br> (b) Faisnéis ábhartha eile: <br> – príomhfhéichiúnaí <br> – comhfhéichiúnaí <br> – tríú páirtí a shealbhaíonn sócmhainní | | Méid na príomhshuime ([2]) <br> ………………………. <br> Méid an úis go dtí an dáta a síníodh an doiciméad seo ([2]) <br> ………………………. <br> Méid na gcostas go dtí an dáta a síníodh an doiciméad seo ([2]) <br> ………………………. <br> Iomlán <br> ………………………. | ………………………. <br> ………………………. <br> ………………………. <br> ………………………. | | An dáta ar féidir forfheidhmiú a dhéanamh <br> Tréimhse theorann <br> Sócmhainní de chuid an fhéichiúnaí a shealbhaíonn an tríú páirtí |
| Sonraí na ndoiciméad atá i gceangal | | | | ………………………… (Síniú) <br> (Stampa oifigiúil) | |

(*) Scrios de réir mar is iomchuí
([1]) Duine nádúrtha nó dlítheanach
([2]) I gcás ina mbíonn an t-aonad forghníomhaithe ginearálta, léirigh méideanna na n-éileamh éagsúil